Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Nollaig 2020
(OR. en)

13199/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0365(COD)**

CODEC 1286
EF 322
ECOFIN 1128
PE 105

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus Rialachán (AE) 2015/2365<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, an 14 go dtí an 18 Nollaig 2020) |

# I. VÓTÁIL

An 14 Nollaig 2020, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh formheasta gan aon leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

[1] 9644/20 REV 1.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan aon leasú, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Ard-Rúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

**(14.12.2020)**

## P9_TA-PROV(2020)0338

## Creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2020 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2015/2365 agus Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 (09644/1/2020 – C9-0376/2020 – 2016/0365(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (09644/1/2020 – C9-0376/2020),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 29 Márta 2017[2],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[3] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2016)0856),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0242/2020),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. ag tabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[2] IO C 209, 30.6.2017, lch. 28.

[3] Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0301.